# Ráitis Airgeadais

# an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

# don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**CLÁR NA NÁBHAR**


| | LCH. |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 3 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuairisc na gComhaltaí Boird | 4 - 8 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 9 - 12 |
| Tuarascáil an Iniúchóra | 13 - 15 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | 16 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 17 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 18 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 19 - 25 |

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | | |
|---|---|---|
| Príomhoifig | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine<br>Áras na Mainistreach<br>Bóthar na Mainistreach<br>An Uaimh<br>Co. na Mí<br>C15 K7PY | |
| Comhaltaí an Bhoird | Michael Quinlan (Cathaoirleach) | |
| | Ella Dunphy | |
| | Emer Byrne | |
| | Gordon Hughes | |
| | Aideen Hayden, Uas. | Ceapachán Críochnaithe 27/11/2024 |
| | Muiris Ó Céidigh | Ceapachán Críochnaithe 27/11/2024 |
| | Orla Moran | |
| | Áine Myler | |
| | Geraldine Hynes | |
| | | Dáta Ceapacháin |
| | Aonghus O'Connor | 30/01/2024 |
| | Eugene Cummins | 28/11/2024 |
| | John Elliot | 28/11/2024 |
| | Joan O'Connor | 28/11/2024 |
| Feidhmeannach Sinsearach: | Maeve Hogan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | |
| Uimhir Theileafóin: | (046) 903 3800 | |
| Uimhir Facs: | (046) 903 3888 | |
| Suíomh Gréasáin: | www.psr.ie | |
| Ríomhphost: | info@psr.ie | |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>BÁC<br>D01 PF72 | |

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA gCOMHALTAÍ BOIRD

### Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach i gCuid 2, Alt 10 den Acht sin. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus freagrach as an dea-rialachas a chinntiú. Baintear an méid sin amach mar thoradh ar chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ceist mhór ghnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ('an POF') agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú ginearálta an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo ginearálta straitéiseach a leanúint a leagann an tÚdarás amach agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha is dócha a thiocfaidh chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ina bhfuil cúrsaí freisin atá coimeádta go sainiúil le haghaidh chinneadh an Údaráis. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta (ráitis straitéise),
- clár rioscaí,
- staitisticí.

Faoi alt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ceanglaítear ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta ansin,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murab iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid an Údaráis ó thaobh airgeadais de ag aon am, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá an tÚdarás freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad an 26 Feabhra 2024.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA gCOMHALTAÍ BOIRD**

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go gcuirtear i láthair i gceart i ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine amhail an 31 Nollaig 2024.

**Struchtúr an Údaráis**

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Údaráis go ceann tréimhse ceithre bliana agus tháinig siad le chéile ceithre huaire in 2024 le haghaidh cruinnithe reachtúla. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta an Údaráis | Ról | Dáta Ceaptha / *Athcheaptha | Dáta ar éag an ceapachán |
|---|---|---|---|
| Michael Quinlan | Cathaoirleach | 24/03/2021 | - |
| Muiris Ó Céidigh | Comhalta | *28/11/2020 | 27/11/2024 |
| Aideen Hayden | Comhalta | *28/11/2020 | 27/11/2024 |
| Ella Dunphy | Comhalta | *15/04/2023 | - |
| Gordon Hughes | Comhalta | *15/04/2023 | - |
| Emer Byrne | Comhalta | *15/04/2023 | - |
| Orla Moran | Comhalta | *15/04/2023 | - |
| Áine Myler | Comhalta | 24/03/2021 | - |
| Geraldine Hynes | Comhalta | 24/03/2021 | - |
| Aonghus O'Connor | Comhalta | 30/01/2024 | - |
| Eugene Cummins | Comhalta | 28/11/2024 | - |
| John Elliot | Comhalta | 28/11/2024 | - |
| Joan O'Connor | Comhalta | 28/11/2024 | - |

Rinne an Foras Riaracháin Phoiblí athbhreithniú seachtrach ar an Údarás in 2024.

Tá dhá choiste curtha ar bun ag an Údarás, eadhon:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**: beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí neamhspleácha atá air. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go sonrach go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe. Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Ella Dunphy (Cathaoirleach), Orla Moran, Bryan Wickham (Neamhspleách) agus Michael Walsh (Neamhspleách). Reáchtáladh 4 chruinniú den ARC in 2024.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA gCOMHALTAÍ BOIRD**

2. **Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh:** triúr comhaltaí den Údarás atá air.

An 1 Eanáir 2024 bhí triúr comhaltaí den Údarás ar Choiste Comhairleach an Chiste Cúitimh: Geraldine Hynes (Cathaoirleach), Emer Byrne agus Áine Myler. Déanann an Coiste Comhairleach iarratais ar dheontais ón gCiste Cúitimh a mheas agus déanann moladh do Bhord an Údaráis éilimh a cheadú, a cheadú go páirteach nó diúltú dóibh. Tháinig an Coiste le chéile 4 huaire le himeacht na bliana, an 1 Márta 2024, an 4 Meitheamh 2024, an 10 Lúnasa 2024 agus an 12 Samhain 2024, tráth ar breithníodh na héilimh ar an gCiste.

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais**
Tá sceideal tinrimh ó chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí in 2024 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

| | Bord (Ginearálta) | Bord (Tuarascáil Chríochnaitheach ar Imscrúdú) * | Coiste an Chiste Cúitimh | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | Táillí 2024 | Costais 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 5 | 8 | 4 | 4 | € | € |
| Michael Quinlan | 4 | 4 | - | - | 8,978 | - |
| Muiris Ó Céidigh | 4 | - | 2 | - | - | - |
| Aideen Hayden | 4 | 3 | - | - | 5,985 | - |
| Gordon Hughes | 5 | 4 | - | - | 5,985 | 423 |
| Orla Moran | 5 | 4 | - | 4 | 5,985 | 184 |
| Ella Dunphy | 5 | 4 | - | 4 | 5,985 | - |
| Emer Byrne | 5 | 6 | 4 | - | - | - |
| Geraldine Hynes | 5 | 6 | 4 | - | 5,985 | - |
| Áine Myler | 4 | 4 | 2 | - | 5,985 | - |
| Aonghus O'Connor | 4 | 3 | - | - | - | - |
| Eugene Cummins | n/b | n/b | n/b | n/b | - | - |
| John Elliot | n/b | n/b | n/b | n/b | - | - |
| Joan O'Connor | n/b | n/b | n/b | n/b | - | - |
| Brian Wickham | - | - | - | 4 | 1,697 | - |
| Michael Walsh | - | - | - | 4 | 1,697 | - |
| | | | | | **48,282** | **607** |

Triúr comhaltaí den Údarás, an Dr Muiris Ó Céidigh, Emer Byrne agus Aonghus O'Connor, ní bhfuair siad táillí Boird de bhun an phrionsabail 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' (OPOS).

* Tháinig córam den Bhord le chéile ocht n-uaire sa bhreis in 2024 chun breithniú a dhéanamh ar Thuarascálacha Deiridh Imscrúdaithe.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA gCOMHALTAÍ BOIRD

### Na Príomhathruithe Pearsanra

Ní raibh aon phríomhathruithe pearsanra ann in 2024.

### Nochtadh a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine na riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016 é. Teastaíonn na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Tá tábla a thaispeánann miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe san áireamh i Nóta 4 (b) – Miondealú ar shochair fostaithe.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó.

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle dhlí | 90,042 | 82,794 |
| Líon iomlán | **90,042** | **82,794** |

### Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Soláthraítear miondealú leis an tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl san áireamh san fhigiúr sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle ghinearálta dlí arna fáil ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, atá nochta faoi chostais chomhairleachta thuas.

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí dlí - imeachtaí dlí | 78,124 | 141,024 |
| Líon iomlán | **78,124** | **141,024** |

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA gCOMHALTAÍ BOIRD

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Náisiúnta | | |
| - Bord | 607 | 589 |
| - Fostaithe | 11,491 | 5,391 |
| Líon iomlán | **12,098** | **5,980** |

### Caiteachas ar Fháilteachas

Ba é €3,807 (€4,072 in 2023) an caiteachas a tabhaíodh ar fháilteachas in 2024.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2024.

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine:

Maeve Hogan

__________________________________

Maeve Hogan, Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 19 Márta 2026

Michael Quinlan

___________________________

An tUas. Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 19 Márta 2026

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

## Réim Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh san Údarás. Tá na riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

## Cuspóir an Ráitis maidir le Rialú Inmheánach

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Rialuithe Inmheánacha i bhFeidhm

Tá an tÚdarás sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis ag féachaint dá mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus do nádúr a chuid oibríochtaí. Ní thugann córas den sórt sin dearbhú cinnte dearfa nach bhfuil aon bhotún ábhartha déanta, áfach, agus ní féidir le córas den sórt sin dearbhú dá leithéid a thabhairt.

Tá glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in 2016.

## An Cumas chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Tá beirt chomhaltaí ón Údarás agus beirt chomhaltaí sheachtracha ar an gCoiste. Mar Chathaoirleach an Údaráis, is deimhin liom gur chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a ról go héifeachtach agus ceithre chruinniú ann in 2024.

Tá an tÚdarás tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas bainistithe riosca agus glacadh leis, beartas ina leagtar amach inghlacthacht riosca an Údaráis agus na próisis atá ann leis an riosca a bhainistiú.

Is é an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a chomhlíonann feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, é sin faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Vóta Dlí agus Cirt). Is é an ról atá ag an Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach sa Roinn dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.
Déanann an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach sa Roinn iniúchadh ar rialuithe airgeadais agus rialuithe eile san Údarás gach bliain.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Creatlach Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcomhairle leis an bhfoireann ardbhainistíochta, athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Cuireann rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce seirbhísí TFC ar fáil don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Thug an rannán sin ráiteas dearbhaithe in Eanáir 2024 inar thug siad achoimre ar na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm ag an am. Rinneadh iniúchadh inmheánach in 2018 ar an gcóras TFC a bhí á chur ar fáil ag an Roinn don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Aithníodh ann go raibh cúiseanna imní ag baint leis an gcóras a bhí i bhfeidhm agus cuireadh moltaí faoi bhráid an rannáin TFC le tabhairt fúthu. Tá cuid de na moltaí sin fós gan réiteach an 31 Nollaig 2024, rud is cúis imní don Údarás. Sheol an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ardán nua ceadúnaithe ar líne, is é sin prsalicences.ie, i mí an Mheithimh 2022. Tá na sonraí go léir ón ardán seo á stóráil ar fhreastalaithe TFC na Roinne. Tá siad clúdaithe, mar sin, faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint; agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm maidir le measúnú agus íocaíochtaí ón gciste cúitimh.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH**

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá Doiciméad don Rialú Inmheánach i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine ina dtugtar na rioscaí atá ann don Údarás, na rialuithe atá i bhfeidhm ann, chomh maith leis na nósanna imeachta tuairiscithe agus monatóireachta.

Is é an tÚdarás a dhéanann na cinntí straitéiseacha móra. Bíonn cruinnithe rialta ag an Údarás chun plé a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Bíonn an bhainistíocht feidhmiúcháin ag gníomhú go díreach ina gcáil mar atá tugtha ag an Údarás dóibh éifeacht a thabhairt do bheartais agus cinntí an Údaráis.

Tá lámhleabhar mionsonraithe ar nósanna imeachta ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar na dualgais atá ar bhaill foirne a dháileadh mar is cuí. Cuirtear san áireamh na rioscaí a bheadh ann agus an líon teoranta baill foirne atá ann.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe a shonrú agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm do na nithe seo: na hearraí agus seirbhísí ar fad atá le ceannach, sonraisc a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a fhaomhadh, agus údarú íocaíochta as earraí agus seirbhísí.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú go rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil, ar fheidhmíocht bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/meastacháin.
- Tá nósanna imeachta airgeadais agus rialaithe eile an Údaráis faoi réir athbhreithniú bliantúil a dhéanfaidh an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach sa Roinn orthu. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne athbhreithniú ar obair an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.

**Dearbhuithe**

***Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide***

Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ag baint leas as an tseirbhís tacaíochta TFC chomhroinnte leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm leis an Roinn maidir leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun cóip chúltaca a dhéanamh de chórais an Údaráis. Chuir rannóg Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta na Roinne doiciméad dearbhaithe ar fáil maidir le rialuithe a bhí i bhfeidhm in 2024.

Sheol an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ardán nua ceadúnaithe ar líne, is é sin prsalicences.ie, i mí an Mheithimh 2022. Tá na sonraí go léir ón ardán seo á stóráil ar fhreastalaithe TFC na Roinne. Tá siad clúdaithe, mar sin, faoi Chomhaontú Seirbhíse na Roinne.

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE
# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

***Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais***

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte airgeadais faoin Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Tá litir dhearbhaithe faighte ón Roinn maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm i ndáil le soláthar na seirbhísí comhroinnte.

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) freisin, atá faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Tagann an tseirbhís faoi Chomhaontú Seirbhíse idir an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus an Roinn.

**Cúrsaí Soláthair**

Dearbhaím go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair agus gur chloígh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leis na nósanna imeachta sin i rith 2024. Tá sonraí faoi cheithre chonradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun monatóireacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca atá i bhfeidhm ann. Tá monatóireacht agus athbhreithniú san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca – a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd – agus na hardbhainistíochta san Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil i bhfeidhm.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2024 an 6 Meitheamh 2025.

Tá dearbhú réasúnach ag an Údarás gur éifeachtach atá na córais rialaithe inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024.

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE
# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

**Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

**Nochtadh Sonraí maidir le Caillteanais Ábhartha nó Calaois**
Níl aon ábhair chalaoise le tuairisciú don bhliain 2024.

**Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh**

Is í an mháthair-Roinn atá freagrach as baill foirne a cheapadh chuig an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, agus as a luach saothair ina dhiaidh sin. In 2015, reáchtáil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais comórtas, tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, le haghaidh phost an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF) leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Bhí an post ag leibhéal an Phríomhoifigigh (Ardleibhéal) roimhe sin agus fógraíodh ar an ngrád sin é, ach níl aon cheadú ar leith don ghrád sin ar taifead. Tar éis comórtas rathúil, ceapadh an POF reatha don phost ar ghrád an Phríomhoifigigh (Ardleibhéal) ar feadh tréimhse cúig bliana agus tá sí á híoc ar an scála sin ó shin i leith.

In 2020, d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt cead ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) an POF a athcheapadh ar feadh téarma breise cúig bliana de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna leis an gconradh bunaidh. Cheadaigh an RCPA athcheapadh an POF ar feadh téarma breise cúig bliana ag leibhéal an Phríomhoifigigh (Caighdeánach).

Lean luach saothair an POF ar scála an Phríomhoifigigh (Ardleibhéal) agus aithníodh an earráid le linn an Iniúchta. D'iarr an Roinn ceadú siarghabhálach don cheapachán ar an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Michael Quinlan

______________________________
An tUas. Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 19 Márta 2026

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

# DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**
**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a éilítear de réir fhorálacha alt 22 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim,

- go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú iomchuí ar an airgead a fuair agus a chaith an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain 2024, agus
- go bhfuil an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024 de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais.

## *Bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an ráiteas rialachais agus tuairisc chomhaltaí an bhoird, chomh maith leis an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Georgina O Mahony

**Georgina O Mahony**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**1 Aibreán 2026**

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

# DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc chomhaltaí an Údaráis na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 22 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- a chinntiú go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais an t-airgead a fuarthas agus a caitheadh in 2024 agus an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024 de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais
- a mheas cé acu atá nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a chumasú, bíodh an míshonrú sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 22 den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míshonrú ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Bainim de thátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtaí imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| **Ioncam** | **Nótaí** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Deontas ón Oireachtas | **2** | 3,561,087 | 3,400,349 |
| Acmhainní dílse | **3** | 2,390,540 | 2,222,350 |
| **Ioncam Iomlán** | | **5,951,627** | **5,622,699** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | **4** | 2,168,084 | 2,087,122 |
| Riarachán, oibríochtaí agus cur chun cinn | **5** | 1,423,395 | 1,340,466 |
| Táille iniúchóireachta | | 13,790 | 16,600 |
| Dímheas | **6** | 6,116 | 17,164 |
| **Caiteachas iomlán** | | **3,611,385** | **3,461,352** |
| **Barrachas don bhliain roimh leithreasaí** | | **2,340,242** | **2,161,347** |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | **7** | 6,116 | 17,164 |
| Íoctha leis an Roinn Dlí agus Cirt | **1(b)** | (2,350,000) | (2,290,000) |
| **(Easnamh) / Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasuithe** | | **(3,642)** | **(111,489)** |
| Barrachas a tugadh anall an 1 Eanáir | | 90,898 | 202,387 |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **87,256** | **90,898** |

**Tugtar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais ar fad arna n-aithint sa bhliain. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go nóta 15 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan

Maeve Hogan, Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 19 Márta 2026

Michael Quinlan

An tUas. Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 19 Márta 2026

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
## AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **6** | 1,311 | 7,427 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 67,184 | 47,726 |
| Fardal | **8** | 7,089 | 9,569 |
| Infháltais agus réamhíocaíochtaí | **9** | 144,894 | 145,897 |
| | | 219,167 | 203,192 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe | **10** | (131,911) | (112,294) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **87,256** | **90,898** |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **88,567** | **98,325** |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas caipitil | **7** | 1,311 | 7,427 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | 87,256 | 90,898 |
| | | **88,567** | **98,325** |

**Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go nóta 15 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan

Maeve Hogan, Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 19 Márta 2026

Michael Quinlan

An tUas. Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 19 Márta 2026

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2024** € | **2023** € |
|---|---|---|
| (Easnamh)/barrachas oibriúcháin don bhliain | (3,642) | (111,489) |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 6,116 | 17,164 |
| Glanaistriú chuig/(ón) gcuntas caipitil | (6,116) | (17,164) |
| Laghdú ar fhardal | 2,480 | 18,701 |
| (Méadú) / laghdú ar infháltais agus réamhíocaíochtaí | 1,003 | (26,067) |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha agus fabhruithe | 19,617 | 30,553 |
| **Glan-insreafaí/(glan-eis-sreafaí) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **19,458** | **(88,302)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | - | - |
| **Glan-insreafaí/(glan-eis-sreafaí) airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | - | - |
| **Méadú / (laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | **19,458** | **(88,302)** |

**Ráiteas ar na hathruithe ar ghlanchistí**

| | | |
|---|---|---|
| Glanchistí ar an 1 Eanáir | 47,726 | 136,028 |
| Glanchistí amhail ar an 31 Nollaig | 67,184 | 47,726 |
| Glanbarrachas / (Glaneasnamh) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **19,458** | **(88,302)** |

**Cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 go 15.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan, Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 19 Márta 2026

An tUas. Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 19 Márta 2026

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

**a)** Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

**b) Faisnéis Ghinearálta**
Cuireadh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá ceannoifig an Údaráis i bhFoirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar atá leagtha amach in alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- Clár na gCeadúnaithe a chothabháil;
- Ceanglais cháilíochta agus ceanglais eile a fhorfheidhmiú
- Caighdeáin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eiticiúla;
- An Ciste a riar;
- Córas imscrúdaithe ar cheadúnaithe a riar;
- Mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun forchur mór-smachtbhannaí ar cheadúnaithe a dhaingniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Na Cóid Chleachtais a chur chun cinn;
- An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí i leith seirbhísí maoine á soláthar ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí maidir le praghsanna díolta maoine cónaithe a fhoilsiú;
- An Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht seo nó aon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Íoctar na táillí ceadúnais a ghineann an tÚdarás leis an Státchiste agus déanann an Státchiste soláthar airgeadais don Údarás ansin. Deirtear in Alt 25(3) den Acht go mbeidh suim iomlán na dtáillí a mhuirearófar go bliantúil faoin Acht seo, chomh gar agus is féidir, agus blianta a ghlacadh le chéile, comhionann leis an gcaiteachas iomlán a thabhófar go bliantúil ag riaradh an Achta seo. In 2024, d'íoc an tÚdarás €2,350,000 leis an Státchiste agus fuair soláthar airgeadais €3,561,087 (féach nóta 2).

Le halt 77(1) den Acht, ceanglaítear ar an Údarás ciste a bhunú, a riar agus a chothabháil a dtabharfar an Ciste Cúitimh Seirbhísí Maoine air. Déantar cuntais an Chiste a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh de réir Sceideal 6 den Acht.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**c) Bunús na Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

**d)**

Is éard atá san ioncam atá aitheanta sna ráitis airgeadais faoi Dheontas an Oireachtais ná maoiniú arna chur ar fáil don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann an Údaráis. An t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus an t-ioncam a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachas caipitil, tá siad ag teacht leis an tsuim a gearradh chun Chuntas Leithreasa na Roinne.

Aithnítear an t-ioncam ó tháillí ceadúnais nuair a fhaightear an t-iarratas ar cheadúnas. Íoctar an t-ioncam ó tháillí ceadúnais go rialta leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Déantar é a thaifeadadh mar leithreasaí i gcabhair i gcuntais na Roinne. Coinníonn an tÚdarás iarmhéid ina chuntais féin ar fhaitíos go mbeidh air táillí a aisíoc.

**e) agus Caiteachas**

Déantar gach caiteachas, párolla san áireamh, a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe sna ráitis airgeadais.

Tá baill foirne uile an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo do na costais sin.

**f) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Taispeántar maoin, gléasra agus trealamh ar a nglanluach de réir na leabhar ar dháta a n-aistrithe chuig an Údarás.

Déantar maoin, gléasra agus trealamh a dhímheas ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán | Modh an mhéid chothroim 10% |
| Crua-earraí agus bogearraí TF | Modh an mhéid chothroim 20% |
| Trealamh Oifige | Modh an mhéid chothroim 20% |

**g) Fardal**

Is éard atá san fhardal ná earraí nach bhfuil le hathdhíol, agus aithnítear é sna ráitis airgeadais ar a chostas nó ar a ghlanluach inréadaithe (NRV), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn is túisce isteach is túisce amach (FIFO) agus áirítear leis na costais cheannaigh go léir. Is é NRV an praghas díola (iarbhír nó measta) lúide na costais chríochnaithe riachtanacha go léir.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**h) Cuntas Caipitil**
Léirítear sa chuntas caipitil luach neamh-amúchta an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachas caipitil.

**i) Sochair Fostaithe**
Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna figiúirí caiteachais sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir
Is státseirbhísigh iad fostaithe an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine agus is baill iad de scéim le sochar sainithe nach bhfuil maoinithe agus atá á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Ritheadh an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ina dhlí ar an 28 Iúil 2012. Tugadh isteach leis Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (‘an Scéim Aonair’), ar cuireadh tús feidhme léi an 1 Eanáir 2013. Gach fostaí nua de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, ar iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis sin, is baill den Scéim Aonair iad.

Níl aon mhuirear sna ráitis airgeadais seo maidir le haon dliteanais a d’fhéadfadh teacht chun cinn i leith shochair scoir an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

| **2 Deontas an Oireachtais** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fotheideal A11 de Vóta 24 – Dlí agus Ceart | **3,561,087** | **3,400,349** |

**3 Acmhainní Dílse**

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam ó tháillí ceadúnais a fuarthas | 2,429,440 | 2,246,850 |
| Lúide aisíocaíochtaí | (62,900) | (45,650) |
| Ioncam Ilghnéitheach | 24,000 | 21,150 |
| **Ioncam Iomlán** | **2,390,540** | **2,222,350** |

Ní mór do cheantálaithe, gníomhairí eastáit, gníomhairí ligin agus gníomhairí bainistíochta maoine a bheith ceadúnaithe agus rialaithe ag an Údarás. Bíonn táillí ceadúnais iníoctha ar bhonn bliantúil. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, le toiliú an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, rinne an tÚdarás rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. An 17 Aibreán 2024, mhéadaigh na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, (Ceadúnú) (Leasú), 2024, an táille ar eisiúint nó athnuachan ceadúnais: fostóir seirbhísí maoine ó €1,000 go €1,100, conraitheoir neamhspleách ó €1,000 go €1,100 agus príomhoifigeach nó fostaí ó €100 go €110.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

## 4. Tuarastail

### (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 2,155,907 | 2,081,142 |
| Taisteal agus cothú | 12,098 | 5,980 |
| **Líon iomlán** | **2,168,084** | **2,087,122** |

D'fhostaigh an tÚdarás 36.9 coibhéis buanfhostaí lánaimseartha in 2024 (2023: 37.3).

Ní raibh aon ró-íocaíochtaí tuarastail amhail an 31 Nollaig 2024 ná an 31 Nollaig 2023.

### (b) Miondealú ar Shochair Fostaithe

| Raon na Sochar Iomlán d'Fhostaithe | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| €60,000 | €69,999 | 5 | 4 |
| €70,000 | €79,999 | 1 | 3 |
| €80,000 | €89,999 | 2 | - |
| €90,000 | €99,999 | - | - |
| €100,000 | €109,999 | - | - |
| €110,000 | €119,999 | - | 1 |
| €120,000 | €129,999 | 1 | - |

**Tabhair faoi deara:** Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.

### (c) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €123,836 (€119,847 in 2023) luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024. Rinneadh luach €428 d'íocaíochtaí taistil agus cothabhála (€946 in 2023) leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin de réir rátaí na Státseirbhíse le linn 2024.

Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ach na gnáth-theidlíochtaí pinsin atá leagtha amach i scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin in 2024.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

### 5 Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird[1] | 48,282 | 54,825 |
| Postas agus teileachumarsáid | 105,502 | 80,926 |
| Innealra oifige agus soláthairtí oifige eile[2] | 284,360 | 300,809 |
| Glanadh agus cothabháil oifige | 21,939 | 19,818 |
| Solas agus Teas | 13,570 | 19,087 |
| Táillí dlí | 138,986 | 181,563 |
| Margaíocht agus cur chun cinn | 335,474 | 319,469 |
| Seirbhísí Conartha | 343,031 | 265,317 |
| Táillí bainc agus ceadúnaithe | 20,880 | 20,690 |
| Foilseacháin agus tuarascálacha | 4,717 | 4,519 |
| Costais ghinearálta | 95,786 | 64,009 |
| Táillí cuntasaíochta | 10,868 | 9,434 |
| | **1,423,395** | **1,340,466** |

**Nóta:** [1]Cuireadh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar bun an 3 Aibreán 2012. Tá miondealú ar na táillí a íocadh le comhaltaí boird aonair in 2024 san áireamh sa ráiteas rialachais atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais seo.
[2]San áireamh faoi Innealra oifige agus soláthairtí oifige eile tá costais a bhaineann le forbairt, tástáil agus síntiúis le haghaidh an ardáin nua ceadúnaithe ar líne psralicences.ie.

### 6 Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Teicneolaíocht Faisnéise | Trealamh Oifige | Troscán | Líon iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 349,895 | 22,768 | 25,325 | 397,988 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 349,895 | 22,768 | 25,325 | 397,988 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 346,786 | 20,849 | 22,926 | 390,561 |
| Gearrtha sa bhliain | 3,109 | 1,275 | 1,732 | 6,116 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 349,895 | 22,124 | 24,658 | 396,677 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | **-** | **644** | **667** | **1,311** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **3,109** | **1,919** | **2,399** | **7,427** |

**Tabhair faoi deara:** Tá buanúsáid ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine as 61 (2023:75) sócmhainn ghléasra agus trealaimh a bhfuil glanluach leabhar €124 (2023: €1,069) orthu amhail an 31 Nollaig 2024. Is í an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce a d'íoc astu agus iad taifeadta mar shócmhainní i gcuntas leithreasa na Roinne.

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
### DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

### 7 Cuntas Caipitil

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 7,427 | 24,591 |
| Amúchadh de réir dímheasa | (6,116) | (17,164) |
| | **1,311** | **7,427** |

### 8 Fardal

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fótachóipeáil / TF | 7,089 | 9,569 |
| | **7,089** | **9,569** |

### 9 Infháltais agus réamhíocaíochtaí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 144,894 | 145,897 |
| | **144,894** | **145,897** |

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliai

### 10 Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | 131,911 | 112,294 |
| | **131,911** | **112,294** |

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí is bonn leo.

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**11 Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise**

Na costais tuarastail atá san áireamh sa chuntas seo, is iad na hollchostais don Údarás sa tréimhse iad. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce na tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais, de réir Chuid 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus coinníonn sí iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin. Ba é €49,644 an méid sin in 2024 (2023: €41,495)

**12 Áitribh**

Tá ceannoifig an Údaráis i bhFoirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY agus déantar plé le himscrúdú gearán in oifig ar Chearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath, D02 TD99. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an dá oifig ar fáil saor in aisce.

**13 Dliteanais Theagmhasacha**

Bhí baint ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine le roinnt cásanna dlí ag deireadh na bliana airgeadais. Níl an tÚdarás in ann meastachán iontaofa a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na cásanna sin ó thaobh airgid de.

**14 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/ Nochtadh Leasanna**

Is iad an POF agus comhaltaí an Údaráis an príomhphearsanra bainistíochta. Is é €168,724 (2023: €174,672) an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí chomhaltaí an Údaráis agus luach saothair iomlán an POF.

Comhlíonann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí agus baill foirne an Údaráis. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcloítear leis an gceanglas sin den chód. Níor tharla aon idirbhearta páirtithe gaolmhara in 2024.

**15 Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh Údarás an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na cuntais seo an 19 Márta 2026.